

Foirm Ghearáin

Is é Cumann Cógaseoirí na hÉireann (CCÉ) an rialálaí reachtúil cógaseoirí agus cógaslann in Éirinn. Rialaíonn CCÉ gairm agus cleachtas na cógaslainne ar mhaithe le sábháilteacht othar agus cosaint an phobail.

1. Faisnéis faoin bhfoirm seo

Cabhróidh an foirm seo leat chun gearán a dhéanamh in aghaidh cógaseora nó cógaslainne atá cláraithe le CCÉ. Iarrtar ort a mhéid faisnéise agus is féidir leat a sholáthar mar gheall go gcabhróidh seo le CCÉ do ghearán a láimhseáil. Chun teacht ar bhreis faisnéise faoin bpróiseas gearáin, léigh an Treoir maidir le Gearán a Dhéanamh, le do thoil. Tá an treoir seo ar fáil ar láithreán gréasáin CCÉ www.psi.ie

Seolfar cóip den fhoirm seo agus d'aon cheangaltáin a sholáthraíonn tú chuig an gcógaseoir agus/nó an chógaslann a ainmnítear. Tabharfar an deis dóibh chun ráitis a sholáthar maidir le do ghearán.

2. Do chuid sonraí

Ainm	
Seoladh	
Uimhir ghutháin	
Seoladh ríomhphoist	

3. Sonraí an chógaseora/na cógaslainne ar mian leat gearán a dhéanamh faoi

Dá mhéid faisnéise is féidir leat a thabhairt dúinn, is fusa a bheidh sé orainn déileáil le do ghearán go tapa. Iarrtar ort ainm iomlán an chógaseora nó na cógaslainne a bhfuil gearán á dhéanamh faoi chun gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar an gceist.

Ainm an chógaiseora	
Ainm na cógaslainne	
Seoladh na cógaslainne	

4. Sonraí faoin teagmhas nó eachtra ar mian leat gearán a dhéanamh faoi

Dáta(i) an teagmhais/na heachtra	
An t-am a tharla an teagmhas/an eachtra	
An áit ar tharla an teagmhas/eachtra	
Sonraí faoin teagmhas/eachtra agus faoi do ghearán: *Úsáid mír na nótaí agus/nó ceangail leathanach breise, más gá	

An bhfuil an cháipéisíocht ábhartha ar ceangal? Tá Níl

I measc na cáipéisíochta ábhartha, d'fhéadfadh cóip d'oidis, pacáistiú cógais, fáltais, litreacha nó faisnéis eile a bhaineann leis an ngearán a bheith i gceist.

Déanfaidh Coiste Réamhimeachtaí (an CRI) CCÉ breithniú ar do ghearán. Is é ról an CRI cinneadh a dhéanamh faoi cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn gníomh breise maidir le gearáin a fhaightear. B'fhéidir go lorgóidh an CRI go ndéanfar an méid seo a leanas:

- a) aon rud atá sa ghearán a dheimhniú.
- b) faisnéis bhreise a thabhairt maidir leis an ngearán.
- c) go dtabharfaidh an cógaiseoir nó an chógaslann faisnéis bhreise maidir leis an ngearán.

Nótaí

5. Na chéad chéimeanna eile

Seol d'fhoirm ghearáin agus aon cháipéisíocht a thacaíonn leis:

- **ar ríomhphost chuig:** complaints@psi.ie, nó
- **sa phost chuig:** An tOifigeach Gearán, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, Teach CCÉ, 15-19 Sráid na bhFíníní, Baile Átha Cliath 2, D02 TD72.

Nuair a fhaigheann CCÉ do ghearán scríofa, déanfaimid an méid seo a leanas:

- scríobh chugat agus thú a chur ar an eolas go bhfuarthas é;
- cóip de do ghearán a sheoladh chuig an gcógaiseoir agus/nó an chógaslann;
- an deis a thabhairt don chógaiseoir nó don chógaslann chun ráitis a sholáthar maidir le do ghearán;
- cóip d'fhreagairt an chógaiseora nó na cógaslainne a sheoladh chugat chun gur féidir leat breis tráchta a dhéanamh orthu;
- aon ráitis bhreise a dhéanann tú a sheoladh chuig an gcógaiseoir nó an chógaslann go
- ndéanfar trácht deiridh orthu;
- an gearán a sholáthar don PPC, go ndéanfar breithniú air.

Tabhair faoi deara, le do thoil, faighimid gearáin a bhaineann le hobair nó le freagracht atá ar eagraíocht eile, amanna. Nuair a tharlaíonn seo, bíonn dualgas orainn iad a chur ar an eolas faoi. Mar shampla, má thugann do ghearán buairt chun solais faoi leanbh nó duine leochaileach a chosaint, tá dualgas orainn an t-údarás ábhartha a chur ar an eolas, ar nós TUSLA agus/nó agus an Garda Síochána.

Ceadaím an méid seo a leanas:

1. go láimhseálfaidh Coiste Réamhimeachtaí (CRI) CCÉ an gearán seo mar ghearán in aghaidh aon chógaiseora nó chógaslainne is féidir a shainithint nuair a scrúdaíonn an CRI mo ghearán;
2. go soláthrófar cóip den fhoirm seo, agus aon cháipéisí a sholáthraím leis, don chógaiseoir agus don chógaslann faoina bhfuil an gearán.

Sínithe _____ Dáta _____